

Céad Litir Naomh

EOIN

An Briathar Ionchollaithe

1 An ní a bhí ó thús, an ní a chualamar, an ní a chonaiceamar lenár súile féin, an ní ar leagamar súil air agus lámh, mar atá, Briathar na beatha – ²foilsíodh an bheatha agus chonaiceamar-na agus anois tugaimid fianaise agus fógraímid daoibhse an bheatha shíoraí a bhí fara an Athair agus a foilsíodh dúinne. ³Fógraímid daoibhse an ní sin a chonaiceamar agus a chualamar le go mbeadh páirt agaibh linne, fearacht mar atá againne leis an Athair agus lena Mhac Íosa Críost. ⁴Agus scríobhaimid na nithe seo chugaibh le go mba lán ár lúcháir.

Siúl tar sa Solas

⁵Agus seo é an scéala a chualamar uaidh agus a fhógraímid daoibhse: gur solas é Dia, agus gan aon dorchacht ann. ⁶Má deirimid go bhfuilimid i bpáirt leis agus sinn ag siúl sa dorchacht, déanaimid an bhréag agus ní hí an fhírinne a chleachtaimid. ⁷Más sa solas, áfach, a shiúlaimid, faoi mar atá seisean sa solas, tá páirt againn lena chéile, agus glanann



fuil Íosa Críost a Mhac ón uile pheaca sinn. ⁸Má deirimid nach bhfuil aon pheaca orainn meallaimid sinn féin agus níl an fhírinne ionainn. ⁹Má admháimid ár bpeacaí, tá seisean dílis cóir agus maithfidh sé dúinn ár bpeacaí agus glanfaidh sinn ón uile olc. ¹⁰Má deirimid nach ndearnamar aon pheaca bréagnaímid é agus níl a fhocal ionainn.

2A chlann liom, scríobhaim na nithe seo chugaibh le nach ndéana sibh aon pheaca; ach má dhéanann éinne peaca, tá abhcóide againn fara an Athair, Iosa Críost atá cóir. ²Is é an íobairt sásaimh ar ár bpeacaí é, agus ní ar ár bpeacaíne amháin ach ar pheacaí an tsaoil uile.

Aithne an Ghrá

³Agus is mar seo atá fhios againn go n-aithnímid é, a aitheanta a choinneáil. ⁴An té a deir go n-aithníonn é agus nach gcoinníonn a aitheanta is bréagach é agus níl an fhírinne sa duine sin. ⁵Ach an té a choinníonn a fhocalsan go deimhin tá grá Dé lánfhoirfe ann; agus is mar sin a thuigimid go mairimid ann. ⁶An té a deir go maireann ann ní foláir dó siúl faoi mar a shiúil seisean. ⁷A chairde cléibh, ní aon nua-aithne a scríobhaim chugaibh ach an tseanaithne atá agaibh ó thús, agus sí an tseanaithne sin an focal a chuala sibh.

⁸Ach anois is mar nua-aithne a scríobhaim chugaibh arís é, agus is fíor sin ina leithsean agus in bhur leithse, óir go bhfuil an dorchacht ag glanadh agus an fíorsholas ag taitneamh cheana féin. ⁹An té a deir go bhfuil sa solas agus gur fuath leis a bhráthair tá sé sin sa dorchacht i gcónaí. ¹⁰An té a thugann grá dá bhráthair maireann sa solas mar nach



mbaintear aon tuisle as. ¹¹ Ach an té ar fuath leis a bhráthair tá sé sa dorchacht agus siúlann ann, agus ní fios dó cá bhfuil a thriall mar gur dhall an dorchacht a shúile.

Neamhshuim i gCúrsaí Saol ta

¹² Scríobhaim chugaibhse, a chlann liom, mar gur maitheadh daoibh bhur bpeacaí trína ainmsean. ¹³ Scríobhaim chugaibhse, a aithreacha, mar gur aithnid daoibh an té a bhí ó thús. Scríobhaim chugaibhse, a ógánacha, mar gur threascair sibh an mac mallachta.

¹⁴ Scríobh mé chugaibhse, a leanaí, mar gur aithnid daoibh an tAthair. Scríobh mé chugaibh, a aithreacha, mar gur aithnid daoibh an té atá ann ó thús. Scríobh mé chugaibhse, a dhaoine óga, mar gur tréan sibh, agus go maireann focal Dé ionaibh, agus gur threascair sibh an mac mallachta. ¹⁵ Ná bígí i ngean ar an saol ná ar éadáil an tsaoil. Más áil le duine an saol níl grá an Athar ann. ¹⁶ Mar a bhfuil sa saol – mian na colainne, agus mian na súl agus mórtas maoinne – sin nithe nach den Athair iad ach den saol. ¹⁷ Agus imíonn an saol agus a mhianta ar ceal. An té, áfach, a dhéanann toil Dé mairfidh seisean go deo.

Bítear san Airdeall ar Lucht an Bhréagtheagaisc

¹⁸ A chlann liom, is é an ré dheiridh é, agus faoi mar a chuala sibh go raibh an tAinchríost le teacht, agus cheana féin tá a liacht ainchríostanna ar fáil – uaidh sin is eol dúinn an ré dheiridh a bheith ann. ¹⁹ Uainne amach a ghabh siad; ach níor linn dáiríre iad



riamh; mar dá mba linn dáiríre iad, d’fhanfaidís i gcónaí linn. Ach d’fhág siad sinn le go mba léir nár linn dáiríre iad uile. ²⁰ Agus tá ungradh oraibhse ón Té atá Naofa agus tá an fioreolas agaibh uile. ²¹ Níor scríobh mé chugaibh á rá go mba aineolach ar an bhfírinne sibh, ach go mba feasach sibh í, agus go mb’eol daoibh nach den fhírinne aon bhréag. ²² Cé tá bréagach murab é sin a shéanann gurb é Íosa an Críost? Seo é an tAinchríost, an té a shéanann an tAthair agus an Mac. ²³ Gach duine a shéanann an Mac, níl an tAthair aige ach an oiread. An té a admhaíonn an Mac, tá an tAthair freisin aige. ²⁴ Ach maidir libhse, maireadh agaibh an ní a chuala sibh ó thús. Má mhaireann agaibh ar chuala sibh ó thús, mairfidh sibhse freisin sa Mhac agus san Athair. ²⁵ Agus seo é an gealltanais a gheall sé dúinn, an bheatha shíoraí. ²⁶ Scríobh mé an méid seo chugaibh faoi lucht bhur meallta. ²⁷ Ach maidir libhse, maireann fós ionaibh an t-ungadh a fuair sibh uaidh, agus ní call daoibh go múinfeadh aon duine sibh mar gur mhúin a ungradhsan gach ní daoibh. Agus is fíorthéagasc é, agus ní aon bhréag – mar sin, faoi mar a mhúin sé daoibh, cloígí leis. ²⁸ Agus anois, a chlann liom, mairigí ann ionas nuair a fhoilseofar é go mba lánmhuiníneach sinn as, in ionad a bheith náirithe agus sinn deighilte uaidh ar theacht dó.

Dualgas Maireachtála mar is cuí do Chlann Dé

²⁹ Más feasach sibh gur cóir é, bíodh a fhios agaibh fós gur uaidh a shíolraítear gach duine a shaothraíonn an fhíréantacht.

3 Breathnaígí cad é mar ghrá a thug an tAthair dúinn! go nglaofaí clann Dé orainn, agus is amhlaidh sinn. Sé an fáth nach n-aithníonn an saol sinne mar nár aithin sé eisean. ² A



chairde cléibh, is clann Dé cheana féin sinn, agus níor foilsíodh fós cé mar a bheimid; ach nuair a fhoilseofar é, is feasach sinn go mbeimid ina chosúlachtsan, mar go bhfeicfidimid é mar atá sé. ³ Agus gach duine a chothaíonn an dóchas diaga seo ann féin naomhaíonn é féin faoi mar atá seisean naofa. ⁴ Gach duine a dhéanann an peaca sáraíonn dlí freisin mar gur sárú dlí gach peaca. ⁵ Agus tá a fhios agaibh gur foilsíodh eisean le go dtógadh na peacaí, agus gan an peaca air féin. ⁶ Gach duine a mhaireann ann ní dhéanann peaca, agus an té a dhéanann, ní fhaca sé é ná níor chuir sé aithne air. ⁷ A chlann liom, ná cuireadh éinne amú sibh. An té a shaothraíonn an fhíríantacht, is fíríán é amhail is fíríán eisean. ⁸ An té a dhéanann an peaca is den diabhal é mar gur peacach an diabhal ó thús. Is chuige seo a foilsíodh Mac Dé, go scriosfadh sé saothar an diabhail. ⁹ Gach duine a shíolraigh ó Dhia, ní dhéanann peaca mar go maireann a shíolsan ann agus ní féidir dó peacú mar gur ó Dhia a shíolraigh. ¹⁰ Mar seo a léirítear cé hiad clann Dé agus cé hiad clann an diabhail; gach duine nach saothraíonn an fhíríantacht ní ó Dhia dó, agus is é a fhearacht sin ag an té nach dtugann grá dá bhráthair. ¹¹ Mar gurb é seo an teagasc a chuala sibh ó thús, grá a bheith againn dá chéile. ¹² Ná bígí fearacht Cháin, ar den mhac mallachta é, agus a mharaigh a dheartháir féin. Agus cad chuige ar mharaigh sé é? Mar gurb éagórach a shaothar féin; ba shaothar cóir áfach saothar a dhearthár.

¹³ Ná bíodh aon ionadh oraibh, a bhráithre, más fuath leis an saol sibh. ¹⁴ Is eol dúinne gur aistríodh ón mbás go beatha sinne mar go dtugaimid grá do na bráithre. ¹⁵ An té nach dtugann grá fanann sa bhás. Gach duine ar fuath leis a bhráthair féin is dúnmharfóir é. Agus tá a fhios agaibh nach sealbhaíonn aon dúnmharfóir an bheatha shíoraí go buan ann féin. ¹⁶ Uaidh seo a aithnímid an grá, mar gur thug seisean a anam ar ár son; agus is mithid



dúinne ár n-anam a thabhairt ar son na mbráithre. ¹⁷Duine a bhfuil maoin an tsaoil aige agus go n-airíonn a bhráthair ar an gcaolchuid, agus go gcruann a chroí air, conas a bheadh grá Dé go buan sa duine sin? ¹⁸A chlann liom, ná tugaimis grá briathair ná cainte amháin, ach grá gnímh agus fírinne. ¹⁹Is mar sin a aithneoimid gur de chlann na fírinne sinn, agus is mar sin a shuaimhneoimid ár gcoinsias ina láthairsean, má chiontaíonn ár gcroí sinn. ²⁰Óir gur treise é Dia ná ár gcroí-ne agus is feasach dó an uile ní. ²¹A chairde cléibh, mura gciontaíonn ár gcroí sinn táimid lánmhuiníneach as Dia. ²²Agus cibé ní a agraímid air, gheobhaimid uaidh é, ó tharla go gcoinnímid a aitheanta agus go ndéanaimid beart de réir a thaitnimh. ²³Agus seo í an aithne a thug sé: go gcreidfimis in ainm a Mhic Íosa Críost agus go dtabharfaimis grá dá chéile, de réir mar a d'ordaigh seisean dúinn. ²⁴An té a choinníonn a aitheanta, maireann i nDia, agus maireann seisean ann. Agus is mar seo a aithnímid go maireann sé ionainn, tríd an Spiorad a thug sé dúinn.

Bítear san Airdeall ar Lucht an Bhréagtheagaisc agus ar Spiorad na Saoltachta

4 A chairde cléibh, ná creidigí gach spiorad ach promhaigí na spioraid féachaint an ó Dhia dóibh: mar go ndeachaigh a liacht fáithe bréige amach ar an saol. ²Mar seo a aithnítear an spiorad ó Dhia: gach spiorad a admhaíonn gur tháinig Íosa Críost i gcolainn dhaonna, is ó Dhia dó. ³Agus gach spiorad a shéanann Íosa, ní ó Dhia dó, ach is é spiorad an Ainchríost é ar chuala sibh go raibh sé le teacht; agus atá ar an saol cheana féin. ⁴Sibhse, áfach, a chlann liom, is ó Dhia daoibh agus tá buaite agaibh orthu siúd, mar



gur treise an té atá ionaibhse ná an té atá ar an saol. ⁵Is den saol iadsan agus dá bhrí sin is ar chúrsaí saolta a thráchtann siad, agus éistean an saol leo. ⁶Is ó Dhia dúinne. An té a aithníonn Dia éistean linn, agus an té nach ó Dhia dó ní éistean. Mar sin a aithnímid spiorad na fírinne thar spiorad na hearráide.

Is Grá é Dia

⁷A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia. ⁸An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia, mar is é Dia an Grá. ⁹Mar seo a foilsíodh grá Dé inár measc gur sheol sé a aonMhac sa saol le go mairimis-ne trídsean. ¹⁰Seo é an grá – ní gur thugamarna grá do Dhia ach gur thug seisean grá dúinne agus gur sheol uaidh a Mhac go mbeadh ina íobairt sásaimh ar ár bpeacaí. ¹¹A chairde cléibh, ós fíor gur thug Dia grá dúinne nach mithid dúinne grá a thabhairt dá chéile. ¹²Ní fhaca aon duine Dia riamh. Má thugaimid grá dá chéile maireann Dia ionainn agus is lánfhoirfe ionainn a ghrá. ¹³Mar seo a thuigimid go mairimid ann agus go maireann seisean ionainn, gur bhronn sé orainn riar dá Spiorad féin. ¹⁴Agus chonaiceamar agus tugaimid fianaise gur sheol an tAthair uaidh a Mhac, Slánaitheoir an tsaoil. ¹⁵Cibé admhaíonn gurb é Íosa Mac Dé maireann Dia ann agus maireann seisean i nDia. ¹⁶Agus is feasach dúinn agus creidimid an grá atá ag Dia dúinn. Is grá é Dia agus an té a mhaireann sa ghrá maireann i nDia agus maireann Dia ann. ¹⁷Seo mar atá an grá lánfhoirfe ionainn, go mbeimis lánmhuiníneach in aghaidh lá an bhreithiúnais, óir faoi mar atá seisean is amhlaidh atáimidne sa saol seo. ¹⁸Ní bhaineann eagla le grá, ach ruaigeann



an grá foirfe an eagla amach; ionann a bheith eaglach agus a bheith ag súil le pionós agus an té a bhfuil eagla air ní lánfhoirfe a ghrá. ¹⁹Tugaimisne grá, mar gur thug seisean grá dúinne ar dtús. ²⁰Má deir duine: “Mo ghrá-sa Dia” agus gur fuath leis a bhráthair, is bréagach é, mar an té nach dtugann grá don bhráthair ar léir dó é, ní féidir leis grá a thabhairt do Dhia nach bhfaca sé riamh. ²¹Agus tá an aithne seo againn uaidh: an té a thugann grá do Dhia tugadh sé grá dá bhráthair chomh maith.

An Creideamh Bunchloch na Carthanachta

5 Gach duine a chreideann gurb é Íosa an Críost is ó Dhia a gineadh é, agus gach duine a thugann grá don té a ghin tugann grá fós don té a gineadh. ²Is mar seo is feasach dúinn go dtugaimid grá do chlann Dé, nuair a thugaimid grá do Dhia agus nuair a chomhlíonaimid a aitheanta. ³Mar gurb é seo grá Dé, comhlíonadh a aitheanta; agus ní tromualach a aitheanta. ⁴Óir gach a ghintear ó Dhia sáraíonn sé an saol agus is í an chaithréim a sháraíonn an saol, ár gcreideamh. ⁵Cé sháraíonn an saol murab é an té a chreideann gurb é Íosa Mac Dé? ⁶Sé Íosa Críost an té a tháinig le huisce agus le fuil agus leis an Spiorad. Ní leis an uisce amháin ach leis an uisce agus leis an bhfuil; agus tá an Spiorad ag tabhairt fianaise, mar gurb í an fhírinne an Spiorad. ⁷Tá triúr ann a thugann fianaise (ar neamh, an tAthair, an Briathar, agus an Spiorad Naomh; agus is aon an Triúr. Agus tá triúr a thugann fianaise ar talamh:) ⁸an Spiorad agus an t-uisce agus an fhuil, agus tá an triúr ar aon fhocal.



⁹Má ghlacaimidne le fianaise dhaonna is treise arís fianaise Dé; agus is é seo fianaise Dé gur thug sé teastas gurb é a Mhac é. ¹⁰An té a chreideann i Mac Dé tá an teastas sin aige ina chroí istigh; an té nach gcreideann i nDia, bréagnaíonn é mar nach gcreideann sé an teastas a thug Dia ar a Mhac féin. ¹¹Seo é brí na fianaise, gur thug Dia an bheatha shíoraí dúinn agus is ina Mhac atá an bheatha sin. ¹²An té a bhfuil an Mac aige, tá an bheatha aige; an té nach bhfuil Mac Dé aige, níl an bheatha aige. ¹³Scríobh mé na nithe seo chugaibh go mbeadh fhios agaibh go bhfuil an bheatha shíoraí agaibhse a chreideann in ainm Mhic Dé. ¹⁴Agus seo í an mhuinín atá againn ina leith, cibé céard a agraímid air de réir a thola go n-éistean linn. ¹⁵Agus más eol dúinn go n-éistean sé le cibé céard a agraímid air, tuigimid go bhfaighimid cinnte na hachainíocha a d'iarramar air. ¹⁶Má airíonn éinne a bhráthair ag déanamh peaca nach peaca chun báis é, cuireadh sé an duine sin faoi bhrí na guí agus tabharfaidh [Dia] dó an bheatha don dream nach peaca chun báis a bpeaca. Tá peaca ann ar peaca chun báis é; ní faoina leithéid sin a mholaim an ghuí a dhéanamh. ¹⁷Is peaca gach éagóir, ach tá peaca ann nach peaca chun báis. ¹⁸Tá fhios againn nach ndéanann aon duine dá bhfuil ginte ó Dhia aon pheaca mar go gcumhdaíonn an té a gineadh ó Dhia é agus ní thig leis an mac mallachta baint leis. ¹⁹Is feasach dúinne gur ó Dhia sinn agus go bhfuil an saol le chéile faoi thionchar an diabhair. ²⁰Ach is feasach dúinn fós gur tháinig Mac Dé agus gur thug éirim dúinne le go n-aithnímis an té atá fíor. Agus mairimid sa té atá fíor, is é sin ina Mhac Íosa Críost. ²¹Eisean an fíorDhia agus an bheatha shíoraí. A chlann liom, seachnaí g sibh féin ar na híola.

